Dursan nach maireann mac Briain

[Ó Donnchadha, T. *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe*, Dublin, 1931, poem 26]

Mac Conmidhe .i. Cormac mac Briain Óig .cc.

1 Dursan nach mairionn mac Briain
meic Feidhlim nar ob éinghliaidh;
dursan dún oidhidh an fhir;
doiligh cúl ris na cairdibh.

2 Mac Briain as dursan damhsa;
’s do chuir monuar oramsa
easbaidh séd is easbaidh each,
an fearsoin d’ég tar aoinneach.

3 Gach uair dá dtéighinn ’na theach
mac Briain na mbriathar bhfaoilteach,
nír leig as fa eura ionn,
sgeula do clas go coitchionn.

4 Ní bhfuair misi, acht me dom chois,
ón ló teasta flaith Fionnrois,
éineach i bhfódmhuigh na bhFionn
ó éinneach d’ógbhaidh Éirionn.

5 Isé Seaán saormhac Briain,
pór na bhflaitheadh a Finnchliaigh,
tug an ghreagh fa dheireadh dhamh
deighfhear gan seadh sa saoghal.

6 Do fhuasgoil mé uair oile
ó ghallaibh fhóid Iughoine,
ég mo sheisi gráidh dom ghuin
is meisi i láimh ’gun laochraidh.

7 Airdrí nimhe na naoi ngrádh
go n-íoca sé re Seaán
a bhfuair mé d’ionmhuine an fhir,
ó ré fionnmhuighe Fuinidh.

8 A Énrí déna ’na dhiaidh,
ó nach mairionn mac Saoirbhriain,
gég ó achadh chaithlis Cuinn,
aithris bhur n-athar oruinn.

9 Dáil dhúinn, ar aithris th’athar,
i n-onóir na healathan
meadh na séd do dháiledh dhamh

gég nár cáineadh i gcogar.

10 Seaán mac Briain, bruinne ghlan,
ó nach bhfuil sé san saoghal,
rí an chladhfhuinnsi um theach Dha Thí,
tabhairsi each a Énrí.

11 Ionann daoibh oirbhert is ágh,
ionann sibhsi agus Seaán
mur sin díot, a thriath Tuama,
íoc a fhiach is ionbhuana.

12 Ní cóir th’agra gan fhachain,
ionann daoibh ’s dod deaghathair,
a fhlaith an bhruaighsi Banbha,
maith uaisle agus athardha.

13 Cleachtsa mur as clechtach linn
i n-aimsir mhic mhic Féidhlim;
gach arbh áil d’fhagháil uaidhe
a bhranáin chláir Chraobhruaidhe.

14 Ó táid i gcriaidh a chruth nár
Aodh mac Aonghusa is Seaán
a chéile iodhan brúigh Breagh
deuna dhúinn ionadh h’aithreadh.

15 A mhic mic Briain, a bhas seang,
ollamhain oile Éireann
ní dual daoibh m’aithghin d’obadh
maoin ót aithribh fhuaradur.

16 Atá ’na haighidh aobhdha
’s ’na maillbhriathraibh macaomhdha,
cúram anma i modhaibh mná
damhna molaidh ar Mhartha.

17 Bean chuirthe a teasta ar gach taobh,
inghen Framsaidh, folt fionnchlaon,
gnúis bhanda nach caomhuin crodh,
planda do shaorfhuil Shaxan.